Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 31

# Iompar

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Iompair as seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, as deontais áirithe agus as seirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Tá farasbarr €234.406 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

***Feidhmeanna a aistriú***

In 2020, rinneadh an Roinn a athstruchtúrú i ndiaidh fhoirmiú an Rialtais. Aistríodh na feidhmeanna turasóireachta agus spóirt, mar aon le freagracht as a ngníomhaireachtaí, chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Cuireadh roinnt aistrithe airgeadais gaolmhara i gcrích ag deireadh na bliana. Tá suim bhreise €29.456 milliún a bhaineann leis an aistriú feidhmeanna san áireamh sa chuntas seo. In 2019, ceadaíodh don Roinn géilleadh €29.449 milliún maidir leis na fo-mhírchinn Turasóireachta agus Spóirt a chur siar. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis a chomhaontú gur cheart an tsuim sin a fhritháireamh in aghaidh dheontas an Státchiste nár tarraingíodh (féach nóta 2.6) ag an 31 Nollaig 2020. Fuair an Roinn fáltas €7,000 a bhaineann le Spórt i ndiaidh an aistrithe feidhmeanna agus aistríodh chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán i mí an Mhárta 2021 é. Tá an tsuim sin curtha san áireamh i nóta 2.5 (iarmhéideanna sochair).

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 21 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas an tairseach athbhreithnithe le haghaidh sócmhainní caipitil. Mar a fhoráiltear sa chiorclán, méadaíodh na tairseacha sócmhainní maidir le caipitliú sócmhainní ó €1,000 go €10,000 ón 1 Eanáir 2020 agus tugadh rogha tuairisciú a dhéanamh do 2020 ar an tseantairseach (€1,000) ar bhonn aonuaire. Leanann an roinn seo den tairseach €1,000 a chur i bhfeidhm maidir le caipitliú sócmhainní in 2020 agus aistreofar chuig an tairseach sócmhainní athbhreithnithe €10,000 ó 2021 ar aghaidh.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dom ina dtugtar cuntas ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpróiseas um dhearbhú iniúchóireachta a fhorbairt. Leis an litir seo, tugtar aghaidh ar chreat an rialachais agus na rialuithe atá i bhfeidhm agus áirítear inti tuarascálacha na n-iniúchtaí a rinneadh ar oibriú na rialuithe laistigh de thimpeallacht na seirbhísí comhroinnte.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á gcur i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhísí d'fhostaithe (CBSF) idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach sannta ar leibhéal bainistíochta.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta curtha ar bun chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachta as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta a bhaineann leis na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú

- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann, agus
- maidir lena nósanna imeachta bainistíochta, deimhníodh go gcomhlíonann Rannán Airgeadais na Roinne caighdeán ISO: 9001:2015 suas go 2023.

Sonraítear sa chaighdeán idirnáisiúnta seo, arna fhoilsiú ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO), na ceanglais a bhaineann le Córas Bainistíochta Cáilíochta. Is éard atá i gCóras Bainistíochta Cáilíochta ná córas atá curtha ar bhonn foirmiúil agus a dhéanann doiciméadú ar phróisis, nósanna imeachta agus freagrachtaí a bhaineann le beartais agus cuspóirí cáilíochta a bhaint amach. Rinneadh iniúchadh bliantúil ar Chóras Bainistíochta Cáilíochta an Rannáin Airgeadais i gcoinne an cheanglais ISO agus tá sé deimhnithe go mbeidh sé i gcomhréir le ISO 9001:2015 suas go mí Feabhra 2023.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt i scríbhinn arna faomhadh ag an Ard-Rúnaí. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an Roinn neamhchosanta bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh ag an Ard-Rúnaí, bunaithe ar an anailís seo. Is é is aidhm leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanann an tArd-Rúnaí agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Le linn 2020, rinne feidhm iniúchóireachta inmheánaí na Roinne roinnt príomh-mholtaí le linn an dá iniúchadh seo a leanas:

*Iniúchadh ar chibearshlándáil (dhá ardtoradh) maidir le monatóireacht slándála agus sainaithint agus feabhsúchán leochaileachta:*

Mhol an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí go dtabharfaí isteach samhail fhoirmiúil ar glaoch a fheidhmíonn lasmuigh de ghnáthuaireanta chun tacaíocht agus deis plé a chur ar fáil maidir le huirlis bhainistíochta faisnéise agus imeachtaí slándála (SIEM) a thabhairt isteach chun tacú le cumas monatóireachta agus foláirimh.

Comhaontaíodh togra lasmuigh de ghnáthuaireanta leis an ngrúpa bainistíochta slándála faisnéise (ISMG) agus tá cleachtadh scóipe margaidh ar siúl faoi láthair. Tá breithniú fós á dhéanamh ar uirlis bhainistíochta faisnéise agus imeachtaí slándála (SIEM) agus tá sí ina cuid de Phlean Gnó na Rannóige Seirbhísí Faisnéise do 2021. Cuirfear togra faoi bhráid ISGM sna seachtainí atá amach romhainn.

Is í ráithe 1 de 2022 an dáta comhaontaithe le haghaidh cur chun feidhme.

Mhol an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí infheistíocht a dhéanamh i réiteach tástála leochaileachta i gcórais oibriúcháin Windows chun a chinntiú gur féidir tabhairt faoi scanadh leochaileachta ar bhonn rialta.

Chomhaontaigh an Rannóg Seirbhísí Faisnéise leis an moladh sin. Tá an Rannóg Seirbhísí Faisnéise tar éis BSI Group a fhostú chun tabhairt faoi na seirbhísí tástála seo agus tá lucht na Rannóige i mbun scóipeáil a dhéanamh ar an tionscadal i láthair na huaire.

Is é an 30 Meán Fómhair 2021 an tréimhse chomhaontaithe le haghaidh cur chun feidhme.

*Iniúchadh um chosaint sonraí (coinneáil sonraí) (ardtoradh amháin) i Rannóg na Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí*

Mhol an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí go dtabharfaí tús áite do bheartas coinneála agus diúscartha sonraí a fhorbairt agus a chomhaontú i gcomhar leis an Aonad Cosanta Sonraí agus leis an Aonad Bainistíochta Taifead.

Tá obair ar siúl ar bhonn leanúnach maidir leis an moladh seo, lena n-áirítear tús áite a thabhairt do bheartas coinneála agus diúscartha sonraí a fhorbairt agus a chomhaontú i gcomhar leis an Aonad Cosanta Sonraí agus leis an Aonad Bainistíochta Taifead. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag Rannóg na Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí faoi láthair i gcomhar leis an Aonad Bainistíochta Taifead ar an sceideal coinneála sonraí agus tá na tréimhsí cuí maidir le sonraí/comhaid a choinneáil agus a dhiúscairt á leagan amach.

Cuirfear tuairisc chun dáta ar fáil don fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí faoin 30 Meán Fómhair 2021.

***Comhlíonadh soláthair***

Dearbhaím go gcinntíonn an Roinn go gcuirtear béim chuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás seacht gconradh/n-íocaíocht (sa bhreis ar €25,000), arbh ionann €1.131 milliún (gan CBL a áireamh) iad. Tá sonraí na gconarthaí/na n-íocaíochtaí sin leagtha amach anseo thíos.

- Trí chonradh ar chomhluach €777,000 iad a bhaineann le línte léasaithe ar leanadh ar aghaidh leo gan próiseas iomaíoch a chur i bhfeidhm de dheasca easpa foirne agus ord tosaíochta tionscadal. Tá obair ar siúl faoi láthair ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) i gcomhar le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun na doiciméid chreata nua um Iarraidh Tairisceana de chuid OSR a chur i gcrích. Táthar ag súil go gcuirfear iad sin i gcrích i mí Mheán Fómhair 2021 nuair a bheidh an Roinn réidh chun an soláthar seo i ndáil le línte léasaithe a chur ar aghaidh.
- Dámhadh conradh amháin ar luach iomlán €67,000 é i ndiaidh próiseas srianta soláthair iomaíoch chun na seirbhísí cuardaigh feidhmiúcháin a sholáthar maidir le triúr ball neamhspleácha de chuid Ghrúpa Formhaoirseachta Rialachais na Roinne ar Mhórthionscadail a earcú.
- Dámhadh conradh amháin ar luach iomlán €85,000 chun píosa trealaimh cosanta pearsanta (seaicéid tarrthála bád) a chur ar fáil arís go práinneach chun práinnfhreagairt bád tarrthála Gharda Cósta na hÉireann a choinneáil ar fud na tíre. Gan choinne, aistarraingíodh ó sheirbhís ar an 15 Samhain 2019 an cineál seaicéid tarrthála a bhí á úsáid roimhe sin.
- Fadaíodh conradh amháin ar luach iomlán €26,000 é i ndáil le seirbhísí agus sainchomhairle maidir le córais iompair chliste tar éis dháta bunaidh an chonartha gan próiseas iomaíoch nua a chur i gcrích. Tá sé beartaithe go réiteofar an tsaincheist seo in 2021 nuair a reáchtálfar comórtas soláthair nua.
- Fadaíodh conradh amháin ar luach iomlán €33,748 é i ndáil le seirbhísí cothabhála frithghníomhacha (de dheasca Covid-19 i bpáirt) tar éis dháta bunaidh an chonartha gan próiseas iomaíoch nua a chur i gcrích. Tá próiseas soláthair ar siúl faoi láthair agus táthar ag súil go n-eiseofar conradh don soláthraí rathúil i ráithe 3 de 2021.
- Tháinig ceannacháin a bhaineann le TF ar chomhluach €142,178 iad chun cinn mar thoradh ar oibriú ón mbaile le linn dhianghlasáil náisiúnta Covid-19 nuair nach raibh deis creat reatha OSR ná nós imeachta comórtais oscailte a chur i bhfeidhm toisc go mbeadh an mhoill ó thaobh gléasanna a fháil do-ghlactha. Cuireadh próiseas soláthair iomaíoch i bhfeidhm, cé nár chomórtas iomlán oscailte a bhí ann.

Tá an Roinn tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na himthosca inar dámhadh na conarthaí/íocaíochtaí seo agus tá lucht na Roinne fós i mbun teagmháil fhorleathan d'fhonn athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na soláthairtí agus na conarthaí uile chun a chinntiú nach ndámhfar a leithéid de chonarthaí neamhchomhlíontacha seo arís amach anseo.

Tá sonraí maidir le conarthaí neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Eolas chun dáta maidir le soláthar i gcuntas leithreasa 2019***

In 2019, rinne an Roinn anailís ar bhearnaí maidir le soláthar agus, san anailís sin, sainaithníodh roinnt moltaí maidir le feabhsúcháin ó thaobh an tsoláthair de. Bhí sraith chuimsitheach moltaí san áireamh sa tuairisc, arna faomhadh ag an mBord Bainistíochta go luath in 2020, a chumhdaíonn:

- oifigeach soláthair a cheapadh
- feidhmeanna an oifigigh sholáthair
- cúrsaí maidir le rialachas corparáideach
- comhlíonadh a thomhas agus a mhonatóiriú
- cumarsáid
- riachtanais oiliúna
- rialachas corparáideach ar ghníomhaireachtaí maidir le cúrsaí soláthair

Ceapadh oifigeach soláthair in 2020. Tá sainchúram an Oifigigh Sholáthair i gcomhréir le nóta faisnéise na hOifige um Sholáthar Rialtais maidir le ról an oifigigh sholáthair. Tá pleananna á bhforbairt maidir le rialachas corparáideach agus tomhas agus monatóireacht ar chomhlíonadh agus oiliúint a fheabhsú, agus cuirfear chun feidhme iad le linn 2021.

Cuireadh iniúchadh inmheánach i gcrích in 2020 chun leordhóthanacht an chreata rialaithe, lena dtacaítear leis na cleachtais soláthair agus chonarthacha laistigh den Gharda Cósta, a mheasúnú. Cuireadh na torthaí go léir a sonraítear sa tuarascáil seo i bhfeidhm faoi mhí na Samhna 2020.

***Feithiclí criúchábáin Garda Cósta a sholáthar***

Níor leor an próiseas soláthair in 2014, a lean ar aghaidh go 2020, chun feithiclí criúchábáin a fháil le haghaidh Gharda Cósta na hÉireann. Níor tugadh meastachán cruinn sa doiciméad Iarraidh Tairisceana (RFT) bunaidh maidir le líon na bhfeithiclí a bhí le ceannach agus úsáideadh é mar chonradh íostarraingthe le linn na tréimhse. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar phróisis, nósanna imeachta agus formhaoirseacht na Roinne a rialaíonn bainistiú soláthair agus an próiseas tairisceana. Tá saineolas speisialtóra á fháil chun cabhrú leis an athbhreithniú seo.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus táthar tar éis iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Leagtar amach sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as feidhmiú na rialuithe sin do bhaill shonracha den fhoireann.

Déanann an Bord Bainistíochta an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú trí huaire sa bhliain agus, sa ráithe eile, dírítear ar chothabháil agus ar fheabhsú córais. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Paindéim Covid -19***

Le linn ráithe 1 de 2020, i bhfianaise phaindéim Covid-19 a bhí ag síorathrú, bhunaigh an Roinn roinnt socruithe formhaoirseachta chun a chinntiú go raibh measúnú agus rianú á ndéanamh ar na tionchair ar fad ar an Roinn féin agus ar a hearnálacha gnó. Bunaíodh grúpa inmheánach Covid-19 de chinn Rannóige chun rianú agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar inmheánach agus bhí sé de dhualgas ar an ngrúpa seo tuairiscí chun dáta a chur ar fáil. Cuireadh faisnéis ar fáil don fhoireann ar an inlíon foirne freisin.

Táthar tar éis roinnt beart maolaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go leanaimid de thimpeallacht rialaithe éifeachtach a fheidhmiú. Cuireadh seirbhísí teicniúla agus cianrochtain ar chórais ar fáil don fhoireann, rud a lig dóibh leanúint ar aghaidh ag obair gan mórán cur isteach.

Bhain an fhoireann úsáid fhorleathan as córais aontaithe chumarsáide deisce chun teagmháil a dhéanamh le comhghleacaithe laistigh den roinn agus le comhlachtaí seachtracha freisin. Níor ligeadh isteach san oifig ach baill foirne a raibh orthu obair phráinneach nárbh fhéidir a chur i gcrích go cianda a dhéanamh.

Bhí bonneagar TFC *in situ* cheana féin chun cianrochtain a éascú ar bhealach slán trí ghléasanna faoi rialú na Roinne agus trí ghléasanna pearsanta araon. Ag tús na paindéime, rinneadh ceannach riachtanach trealaimh bhreise agus ceadúnas breise a éascú trí leas a bhaint as soláthar éigeandála. Ní dhearnadh na rialuithe slándála bunúsacha a sheachaint ná a laghdú. Ós rud é gurbh eol don saol go raibh cibearchoirpigh chun leas a bhaint as an bpaindéim, cuireadh foireann na Roinne ar an eolas ar an inlíon foirne agus trí oiliúint ar líne maidir le cibearshlándáil faoi na leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Cuireadh an deasc freastail san airdeall maidir leis an méadú féideartha ar ionsaithe innealtóireachta sóisialta agus bhí lucht na deisce ullamh dóibh.

Níor imríodh aon tionchar ar an timpeallacht rialaithe ná ar an gcuntas leithreasa.

Bhí tionchar ag Covid-19 ar roinnt soláthairtí de chuid na Roinne in 2020. Áit a raibh tionchair i gceist, chuaigh an Roinn i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun treoir a lorg maidir leis an dea-chleachtas agus chuaigh sí i dteagmháil le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun comhairle dlí a lorg, de réir mar ba ghá. Leanfaidh an Roinn de theagmháil a dhéanamh le OSR agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit maidir leis an soláthar atá beartaithe do 2021.

***Modhanna Dearbhaithe TFC***

Tá córas bainistíochta slándála faisnéise curtha i bhfeidhm ag an Roinn, agus tá Grúpa gníomhach Bainistíochta Slándála Faisnéise ina chuid lárnach den chóras sin. Páirteach sa ghrúpa tá cinn feidhmeanna ó Rannáin ionadaíocha ar fud na Roinne agus oibríonn an cathaoirleach ag leibhéal an Rúnaí Chúnta. Tagann an grúpa le chéile ar bhonn démhíosúil agus déanann sé formhaoirseacht ar gach gné de shlándáil faisnéise.

Chuir EY iniúchadh inmheánach ar chibearshlándáil i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus fuarthas amach ann go raibh rialuithe TFC leordhóthanacha agus éifeachtacha i bhfeidhm laistigh den Roinn.

Ós rud é go mbíonn ionsaithe cibearshlándála ag síorathrú go mear, tá an Rannóg Seirbhísí Faisnéise tar éis athbhreithniú a dhéanamh le déanaí ar a staid slándála agus tá sí i mbun an phróisis chun rialuithe breise maidir le coinneáil, brath agus cosc a chur i bhfeidhm faoi láthair. Tá scóipeáil á déanamh faoi láthair ag comhlacht seachtrach ar thástálacha bréagionsaithe agus leochaileachta. Tá an Rannóg Seirbhísí Faisnéise i ndlúth-theagmháil leis an Ionad Náisiúnta Cibearshlándála agus tá na moltaí slándála curtha i bhfeidhm aici, de réir mar a moladh ina nóta comhairleach '*Protecting your organisation from ransomware*' a eisíodh i mí na Bealtaine 2021.

***Stobart Air***

Déantar foráil i gClár na nAerfort Réigiúnach do scéim aersheirbhísí a sholáthar faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí i gcomhréir le Rialachán (CEE) Uimh. 1008/2008. Bunaithe ar thairiscint iomaíoch, cuireann an scéim seo tacaíocht airgeadais ar fáil d'aerlínte chun aershеirbhísí riachtanacha a oibriú chuig ceantair iargúlta; ceantair nach bhfuil freastal leordhóthanach á dhéanamh orthu ag seirbhísí iompair malartacha. Le deich mbliana anuas, níl ach seirbhísí ar dhá bhealach á gcothú ag an scéim - Dún na nGall/Baile Átha Cliath agus Ciarraí/Baile Átha Cliath. Ó 2015 ar aghaidh, is ag Stobart Air trí shainchomhaontú le hAer Lingus a bhí an conradh maidir le haershеirbhísí a sholáthar faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí ar an dá bhealach seo le tacaíocht ón Rialtas.

Rinne Stobart Air teagmháil leis an Roinn ar an 12 Meitheamh 2021 chun a chur in iúl go raibh an sainchomhaontú le hAer Lingus á fhoirceannadh aige le héifeacht láithreach. Ar an drochuair, theip ar phleananna Stobart Air ceannaitheoir nua a aimsiú agus, mar sin, bhí ar Stobart Air tús a chur le próiseas um leachtú toilteanach. Bhain impleachtaí láithreacha leis sin don dá sheirbhís faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí.

Ós rud é go mbaineann ríthábhacht don Rialtas le nascacht réigiúnach, cuireadh tús le próiseas soláthair éigeandála chun aershеirbhísí a chur ar bun an athuair ar na bealaí seo ar feadh tréimhse eatramhach, agus eisíodh doiciméad iarrtha luachana ar an 21 Iúil 2021.

I ndiaidh an phróisis seo, ghlac an Roinn le gealltanas ó Ryanair na seirbhísí poiblí uile a oibriú ar an mbealach idir Ciarraí agus Baile Átha Cliath ar bhonn tráchtála gan fóirdheontas ar bith ón Stát. Tá an tseirbhís seo i gcomhréir le Rialachán AE 1008/2008 a rialaíonn aershеirbhísí faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí. Chuir Ryanair tús le seirbhísí ar an mbealach seo ar an 28 Iúil 2021.

Maidir leis an mbealach idir Dún na nGall agus Baile Átha Cliath, rinneadh conradh sealadach 7 mí maidir le haershеirbhísí faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí a dhámhachtain, i gcomhréir le Dlí AE, do Amapola Fly GB, aerlíne Shualannach, le héifeacht ón 29 Iúil 2021.

Chun aon chur isteach eile ar aershеirbhísí idir Dún na nGall agus Baile Átha Cliath a mhaolú, cinnteofar go mbeidh na seirbhísí ar fáil ar bhonn leanúnach nuair a bheidh an conradh sealadach imithe in éag. Déanfar foráil sa phróiseas soláthair seo do chonradh suas le ceithre bliana, i gcomhréir le dlí AE.

Fuair an Rialtas fógra ar an 17 Meitheamh 2021 ó Ken Fennell agus Mark Degnan ó Deloitte Ireland LLP á chur in iúl go raibh siad ceaptha mar chomhleachtaitheoirí sealadacha ar Stobart Air. Choinnigh an Rialtas siar roinnt íocaíochtaí a bhí dlite do Stobart Air as aershеirbhísí arna gcur ar fáil aige in 2020 agus 2021 faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí na Roinne Iompair faoin scéim aershеirbhísí ós rud é go raibh oibleagáidí tuairiscithe neamhchomhlíontacha i gceist. Tá na híocaíochtaí seo faoi athbhreithniú anois ag an Roinn i gcomhar le leachtaitheoirí sealadacha Stobart Air.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

**Ken Spratt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair

17 Meán Fómhair 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 31 Iompar

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 31 Iompar don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d’Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 31 Iompar, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d’ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Iompair agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

## Caiteachas ar theicneolaíocht amhairc oíche agus oiliúint le haghaidh cuardach agus tarrtháil

I gCaibidil 5 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, scrúdaítear an caiteachas ar acmhainn amhairc oíche a sholáthar le haghaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála héileacaptair agus ar an oiliúint ghaolmhar.

### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2021

# Vóta 31 Iompar

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | | 2020 | 2019 [a] |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Eitlíocht shibhialta | | | | |
| | *Bunaidh* | 52,565 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,712 | | | |
| | | | 54,277 | 28,346 | 34,842 |
| B | Iompar ar tír | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,880,322 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 13,450 | | | |
| | | | 2,893,772 | 2,554,453 | 1,905,825 |
| C | Iompar muirí agus sábháilteacht mhuirí | | | | |
| | *Bunaidh* | 117,947 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,000 | | | |
| | | | 121,947 | 96,788 | 96,278 |
| *D* | *Seirbhísí spóirt agus áineasa* | | — | — | *106,017* |
| *E* | *Seirbhísí turasóireachta* | | — | — | *158,230* |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | *3,050,834* | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | *19,162* [b] | | | |
| | | | **3,069,996** | **2,679,587** | **2,301,192** |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **22,323** | **17,800** | **25,791** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,028,511 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 19,162 [b] | | | |
| | | | **3,047,673** | **2,661,787** | **2,275,401** |

Nóta [a] Léirítear i bhfigiúirí comparáideacha 2019 na suimeanna le haghaidh feidhmeanna turasóireachta agus spóirt a aistríodh in 2020. In 2020, tagann glasbhealaí (a bhí ina gcuid de thurasóireacht in 2019) faoi B.8 (infheistíocht réthaistil).

[b] Féach nóta 2.6.

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €151.48 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith eilimintí caipitil Fho-mhírchinn A.2, A.3, B.3, B.5, B.6, B.7, B.8, agus C.3 ar aghaidh go 2021.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 385,886,299 | 69,833,781 |
| Géilleadh iarchurtha | (151,480,000) | (48,611,000) [a] |
| **Farasbarr le géilleadh** | **234,406,299** | **21,222,781** |

Nóta [a] Féach nóta 2.6.

**Ken Spratt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair

17 Meán Fómhair 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 2,640,560 | 2,258,833 |
| Pá | | 33,307 | 33,756 |
| Neamhphá | | 5,720 | 8,603 |
| **Ollchaiteachas** | | **2,679,587** | **2,301,192** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **17,800** | **25,791** |
| **Glanchaiteachas** | | **2,661,787** | **2,275,401** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (3,051) | | |
| Diúscairtí - airgead tirim | 52 | | |
| (Brabús)/caillteanas ar dhiúscairtí | (37) | | |
| Dímheas | 4,262 | 1,226 | (394) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Gluaiseacht i bhfabhruithe | (718) | | |
| Gluaiseacht i réamhíocaíochtaí | 1,359 | | |
| Gluaiseacht i stoc | 41 | 682 | (1,632) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **2,663,695** | **2,273,375** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 19,503 | 20,076 |
| Measchíosanna | | 3,947 | 4,005 |
| **Glanchostas an chláir** | | **2,687,145** | **2,297,456** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 31 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 30 | 46 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 12,353 | 13,190 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 6,636 | 6,375 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 60 | 57 |
| An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí | | 424 | 408 |
| | | **19,503** | **20,076** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 10,766 | 11,992 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 182,594 | 66,983 |
| Stoic | 2.3 | 1,011 | 1,052 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,097 | 3,456 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 1,731 | 754 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **187,433** | **72,245** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 1,216 | 1,934 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 1,808 | 1,555 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 182,517 | 66,182 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **185,541** | **69,671** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,892 | 2,574 |
| **Glansócmhainní** | | **12,658** | **14,566** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **12,658** | **14,566** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus Foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótarfheithiclí | Saintrealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 1,580 | 13,949 | 216 | 16,326 | 26,560 | 58,631 |
| Coigeartuithe [a] | — | (1,452) | 1,469 | — | — | 17 |
| Feidhmeanna a aistriú | — | (217) | — | — | — | (217) |
| Breiseanna | 134 | 954 | — | 1,157 | 806 | 3,051 |
| Diúscairtí | — | (609) | (155) | (330) | (62) | (1,156) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 1,714 | 12,625 | 1,530 | 17,153 | 27,303 | 60,326 |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | — | 11,302 | 123 | 13,078 | 22,135 | 46,638 |
| Coigeartuithe | — | — | 17 | — | — | 17 |
| Feidhmeanna a aistriú | — | (217) | — | — | — | (217) |
| Dímheas don bhliain | — | 1,158 | 25 | 1,451 | 1,628 | 4,262 |
| Diúscairtí | — | (605) | (143) | (330) | (62) | (1,140) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | - | 11,638 | 22 | 14,199 | 23,701 | 49,560 |
| | | | | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **1,714** | **987** | **1,508** | **2,954** | **3,603** | **10,766** |
| | | | | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 1,580 | 2,647 | 93 | 3,248 | 4,424 | 11,992 |

Nóta [a] Baineann na coigeartuithe le hathaicmiúcháin laistigh de throscán agus feistis agus trealamh oifige agus le suim coigeartaithe amháin laistigh de throscán agus feistis.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 182,498 | 66,878 |
| Iarmhéideanna cuntas bainc | 96 | 105 |
| | **182,594** | **66,983** |

**Cuntais bhainc thráchtála eile**

Anuas ar an gcuntas bainc thráchtála dá dtagraítear thuas, tá cuntas bainc ag an Roinn ionas gur féidir mótarcháin a bhailiú agus a leithdháileadh agus na fáltais a aistriú chuig an Státchiste. Ní tharchuirtear aon airgead atá dlite don Vóta nó a íoctar as an Vóta tríd an gcuntas bainc sin, ach amháin muirir mhaoinithe bainc. Ba í an tsuim a bhí á coimeád ag deireadh 2020 ná €6,771 (2019: €91,343).

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tomhaltáin TF | 80 | 80 |
| Tomhaltáin speisialaithe (Garda Cósta na hÉireann) | 931 | 972 |
| | **1,011** | **1,052** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí gníomhaireachta Oifig na nOibreacha Poiblí | 954 | 587 |
| Eile | 777 | 167 |
| | **1,731** | **754** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim agus muirear sóisialach uilíoch | 564 | 550 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 279 | 279 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 40 | 137 |
| Cáin bhreisluacha | 245 | 414 |
| Cáin conarthaí iomchuí | 8 | 63 |
| Muirir phinsin | 51 | 55 |
| Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste | 480 | 33 |
| | 1,667 | 1,531 |
| Feidhmeanna a aistriú | 7 | — |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 134 | 24 |
| | **1,808** | **1,555** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 234,406 | 21,223 |
| Géilleadh iarchurtha | 151,480 | 48,611 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (203,369) [a] | (3,652) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **182,517** | **66,182** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 182,594 | 66,983 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,731 | 754 |
| | 184,325 | 67,737 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,674) | (1,531) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (134) | (24) |
| | (1,808) | (1,555) |
| | **182,517** | **66,182** |

Nóta a In 2019, fuair an Roinn cead géilleadh €29.449 milliún (as €48.611 milliún) maidir leis na fo-mhírchinn Turasóireachta agus Spóirt a chur siar. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis comhaontú gur cheart an tsuim sin a fhritháireamh in aghaidh dheontas an Státchiste nár tarraingíodh ag an 31 Nollaig 2020.

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 14,566 | 12,540 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 3,047,673 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (151,480) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (234,406) | | |
| Glanvóta | | | 2,661,787 | 2,275,401 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 19,503 | 20,076 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 3,947 | 4,005 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (2,687,145) | (2,297,456) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **12,658** | **14,566** |

## 2.8 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 177,449 | 178,072 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 50 | 128 |
| Cláir deontas caipitil | 85,088 | 168,334 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **262,587** | **346,534** |

| **Ceangaltais faoi fho-mhírchinn soláthair** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí héileacaptair chuardaigh agus tharrthála [a] | 150,000 | 155,000 |
| Aerfoirt | 8,031 | 15,343 |
| Ceadúnú feithiclí/tiománaithe | 15,006 | 4,847 |
| An tAonad um Athrú Aeráide | — | 50 |
| An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí | 1,133 | 252 |
| Teicneolaíocht faisnéise | 558 | 20 |
| Iniúchadh Inmheánach | 22 | 25 |
| Uachtaránacht ITF 2020 | — | 22 |
| Bainistíocht Saoráidí | 184 | — |
| Seirbhísí Garda Cósta | 2,515 | 2,513 |
| | **177,449** | **178,072** |

| **Cláir deontas neamhchaipitil** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 128 | 114 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (78) | (136) |
| Ceangaltais nua deontais | — | 150 |
| **Iarmhéid deiridh** | **50** | **128** |

| **Cláir deontas caipitil** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 168,334 | 113,664 |
| Feidhmeanna a aistriú | (126,440) | — |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (9,141) | (54,493) |
| Ceangaltais nua deontais | 52,629 | 110,404 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (294) | (1,241) |
| **Iarmhéid deiridh** | **85,088** | **168,334** |

Nóta [a] Cuireadh tús leis an gconradh seirbhíse reatha le CHC Ireland le haghaidh héileacaptar cuardaigh agus tarrthála ar an 1 Iúil 2012 do thréimhse 10 mbliana. Tá rogha ann an tréimhse/na tréimhsí a fhadú ar feadh tréimhse bhreise suas go trí bliana. Fadaíodh an conradh in 2020 ar feadh tréimhse bliana ar dtús go mí Iúil 2023. In 2021, fadaíodh an conradh ar feadh bliana eile go 2024. Cuireadh na faduithe sin, arna bhfaomhadh ag an Aire, i bhfeidhm chun soláthar seirbhíse nua a éascú i gcomhréir le ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí agus aistriú gan uaim a chinntiú ó sheirbhís amháin go seirbhís eile.

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana. | **943** | **532** |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt cásanna dlí. Ní féidir leis an Roinn toradh na gcásanna sin a thuar.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Leithroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar fud na gclár ar mhaithe le costais iomlána na gclár a chur i láthair

| | | | 2020 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 33,624 | 33,307 | 33,756 |
| ii. | Taisteal agus cothú | | 1,240 | 580 | 1,474 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 2,155 | 1,565 | 3,196 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 467 | 241 | 296 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,576 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 712 | | | |
| | | | 3,288 | 2,038 | 2,182 |
| vi | Costais áitribh oifige | | 507 | 761 | 892 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 1,259 | 535 | 563 |
| | | | **42,540** | **39,027** | **42,359** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo thíos na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin an Vóta.

**ii. Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin: €1.24 milliún, toradh: €580,000*

Bhí costais níos ísle ná mar a measadh toisc go raibh éileamh laghdaithe ar thaisteal mar thoradh ar Covid-19.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin: €2.155 milliún, toradh: €1.565 milliún*

Bhí costais níos ísle ná mar a measadh, go príomha toisc gur tharla méid níos lú oiliúna mar thoradh ar bhaill foirne a bheith ag obair ón mbaile.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin: €467,000, toradh: €241,000*

Bhí costais ní b'ísle ná mar a measadh toisc go raibh spleáchas méadaithe ann ar an ríomhphost agus ar mhodhanna cumarsáide eile mar thoradh ar shrianta Covid-19.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar meastacháin: €3.288 milliún, toradh: €2.038 milliún*

Bhí costais níos ísle ná mar a measadh go príomha toisc go raibh caiteachas laghdaithe i gceist ar fud na gcatagóirí sin mar thoradh ar Covid-19.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin: €507,000, toradh: €761,000*

Bhí costais níos airde ná mar a measadh mar thoradh ar chostais bhreise a bhaineann le bearta sláinte agus sábháilteachta chun tionchair Covid-19 a mhaolú.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin: €1.259 milliún, toradh: €535,000*

Bhí costais níos ísle ná mar a measadh mar gheall gur cuireadh líon níos lú próiseas tairisceana comhairleoireachta ar aghaidh in 2020 ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Clár A Eitlíocht shibhialta

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 3,716 | 3,664 | 3,376 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,301 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 712 | | | |
| | | | | 2,013 | 628 | 741 |
| A.3 | Aerfoirt réigiúnacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 22,350 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | | | | 23,350 | 13,884 | 21,789 |
| A.4 | Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta | | | 25,198 | 10,170 | 8,936 |
| | | | | **54,277** | **28,346** | **34,842** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €25.9 milliún níos ísle ná mar a measadh (ar dtús), lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, arb ionann é agus difríocht 47%.

**A.2 Riarachán – neamhphá**

*Soláthar meastacháin: €2.013 milliún, toradh: €628,000*

Tháinig an gannchaiteachas chun cinn mar thoradh ar an éileamh níos ísle a bhí ar thaisteal agus oiliúint mar thoradh ar Covid-19. Bhí éileamh laghdaithe freisin ar chomhairleoireacht, trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF mar gheall ar Covid-19.

**A.3 Aerfoirt réigiúnacha**

*Soláthar meastacháin: €23.35 milliún, toradh: €13.884 milliún*

Baineann an gannchaiteachas seo go príomha le géilleadh iarchurtha €8.8 milliún a tugadh ar aghaidh go 2021 agus le costais oibríochta níos ísle a bheith á dtabhú ag Aerfoirt de bharr Covid-19. Bhain an chuid is mó den €8.8 milliún le dhá thionscadal Aerfoirt Réigiúnaigh a cuireadh ar fionraí nó ar cuireadh moill orthu de bharr Covid-19.

- Tionscadail ar Scagadh an Bhagáiste Boilg ag Aerfoirt na Sionainne. Maoiniú deontais éigeandála (€6.1 milliún). Meastar go gcuirfear an tionscadal i gcrích ag deireadh 2021.
- Tionscadal um Shoilsiú Talún Aerloingseoireachta ag Aerfort Chnoc Mhuire. Maoiniú (€101,000). Cuireadh an tionscadal seo i gcrích i ráithe 1 de 2021.

Anuas air sin, tharla gannchaiteachas ar mhaoiniú éigeandála Covid-19 le haghaidh Shannon Heritage Group toisc gur fhan sé dúnta faoi shrianta leibhéal 5.

**A.4 Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta**

*Soláthar meastacháin: €25.198 milliún, toradh: €10.17 milliún*

Tháinig an difríocht chun cinn go príomha ós rud é go raibh gannchaiteachas €15 milliún ann i gciste teagmhais a cuireadh ar fáil chun an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta a chúiteamh as aisíocaíochtaí reachtúla arna riar aige maidir le haisíocaíochtaí a thabhairt do phaisinéirí sa chás go raibh gá ann le haisdúichiú ó áiteanna thar lear nó de bharr caillteanas mar thoradh ar theip gníomhaireachtaí taistil.

## Clár B Iompar ar tír

| | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán − pá | | 13,927 | 13,989 | 12,152 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | | 3,324 | 2,402 | 3,862 |
| B.3 | Feabhsúchán/cothabháil bóithre | | 1,239,207 | 1,223,196 | 1,060,280 |
| B.4 | Gníomhaireachtaí agus speansais sábháilteachta ar bhóithre | | 5,402 | 6,087 | 5,982 |
| B.5 | Speansais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 22,900 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 800 | | | |
| | | | 23,700 | 20,191 | 23,206 |
| B.6 | Laghdú carbóin | | 7,750 | 1,938 | 5,641 |
| B.7 | Íocaíochtaí um sholáthar seirbhíse poiblí | | 765,563 | 623,471 | 307,985 |
| B.8 | Clár Infheistíochta Réthaistil | | | | |
| | *Bunaidh* | 805,150 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 12,650 | | | |
| | | | 817,800 | 646,157 | 469,864 |
| B.9 | Gníomhaireachtaí agus speansais iompair phoiblí | | 17,021 | 16,958 | 16,793 |
| B.10 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | 78 | 65 | 60 |
| | | | **2,893,772** | **2,554,454** | **1,905,825** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €339 milliún níos ísle ná mar a measadh ar dtús, lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, arb ionann é agus difríocht 12%. Bhí an difríocht go príomha mar thoradh ar an méid seo a leanas.

**B.2 Riarachán – neamhphá**

*Soláthar meastacháin: €3.324 milliún, toradh: €2.402 milliún*

Tagann an difríocht seo chun cinn go príomha toisc go raibh éileamh níos lú ann ar thaisteal agus oiliúint agus toisc gur coiglíodh costais phoist agus go ndearnadh coigiltí caipitil de bharr an fhoireann a bheith i mbun na cianoibre.

**B.4 Gníomhaireachtaí agus speansais sábháilteachta ar bhóithre**

*Soláthar meastacháin: €5.402 milliún, toradh: €6.087 milliún*

Baineann an difríocht go príomha le brúnna costais leanúnacha ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre: easnamh €308,000 i soláthar pinsin, chomh maith le heasnamh i soláthar pá agus brúnna neamhphá de bharr méaduithe ar chostais.

**B.5 Speansais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe**

*Soláthar meastacháin: €23.7 milliún, toradh: €20.191 milliún*

Tá an clár athnuachana teicneolaíochta ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil an Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe agus na hiarratais ar líne a bhaineann leis á n-oibriú ag an uasacmhainn, go bhfuil siad athléimneach, go bhfuil inscálaitheacht mhéadaithe i gceist leo agus go gcoinníonn siad ar chomhluas le caighdeáin an tionscail. Níor cuireadh gnéithe áirithe de chlár 2020 i gcrích de bharr ceanglais eile a bhaineann le Covid.

**B.6 Laghdú carbóin**

*Soláthar meastacháin: €7.75 milliún, toradh: €1.938 milliún*

Tharla an difríocht seo ós rud é gur cuireadh roinnt tionscadal beartaithe, lena n-áirítear deontas ceannaigh a thabhairt isteach le haghaidh feithiclí tromshaothair agus busanna hidrigine a cheannach lena n-úsáid ag an Údarás Iompair Náisiúnta, siar go dtí go luath in 2021 mar thoradh ar mhoilleanna a tharla de dheasca Covid-19. Anuas air sin, tá an caiteachas ar chláir deontas leanúnacha amhail scéim deontas na bhFeithiclí Beaga Leictreacha Seirbhíse Poiblí (eSPSV) agus an scéim Dreasachtaí Dola um Fheithiclí Astaíochtaí Ísle (LEVTI) tar éis titim mar thoradh ar an laghdú ar dhíolacháin feithiclí agus ar thrácht dola le linn shrianta Covid-19. Bhain coigiltí suntasacha deireadh bliana leis an easnamh i gcaiteachas próifílithe.

**B.7 Íocaíochtaí um sholáthar seirbhíse poiblí**

*Soláthar meastacháin: €765.563 milliún, toradh: €623.471 milliún*

Bhí an toradh €142.092 milliún níos ísle ná mar a measadh go príomha mar thoradh ar leibhéal laghdaithe íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí. Leithdháileadh €460 milliún eile de mhaoiniú éigeandála mar thoradh ar Covid-19. Ní raibh an maoiniú breise ar fad ag teastáil, áfach, toisc go raibh an t-ioncam ó tháillí taistil paisinéirí níos airde ná mar a tuaradh. I gcás go bhfuil ioncam ó tháillí taistil paisinéirí níos airde ná mar a tuaradh, titeann an ga atá ann le híocaíochtaí cúitimh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí.

**B.8 Clár Infheistíochta Réthaistil**

*Soláthar meastacháin €817.8 milliún, toradh: €646.157 milliún*

Tá an difríocht ann ós rud é nár cuireadh ar aghaidh tionscadail/caiteachas réthaistil chomh tapa agus a bhíothas ag súil leis, mar thoradh i bpáirt ar shrianta Covid-19.

## Clár C Iompar muirí agus sábháilteacht mhuirí

| | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán − pá | | 15,981 | 15,654 | 14,515 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | | 3,579 | 2,690 | 3,185 |
| C.3 | Riarachán muirí agus Garda Cósta na hÉireann | | | | |
| | *Bunaidh* | 83,297 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,000 | | | |
| | | | 87,297 | 75,654 | 78,488 |
| C.4 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | 15,090 | 2,790 | 90 |
| | | | **121,947** | **96,788** | **96,278** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €25.159 milliún níos ísle ná mar a measadh ar dtús, lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, arb ionann é agus difríocht 21%. Bhí an difríocht go príomha mar thoradh ar an méid seo a leanas:

**C.1 Riarachán – pá**

*Soláthar meastacháin: €15.981 milliún, toradh: €15.654 milliún*

Is é is cúis leis an difríocht ná an mhoill a bhain le foireann a fhostú.

**C.2 Riarachán – neamhphá**

*Soláthar meastacháin: €3.579 milliún, toradh: €2.69 milliún*

Tagann an difríocht seo chun cinn go príomha toisc go raibh laghdú ann ar chostais taistil agus oiliúna agus toisc gur coiglíodh costais phoist agus go ndearnadh coigiltí caipitil de bharr an fhoireann a bheith i mbun na cianoibre.

**C.3 Riarachán muirí agus Garda Cósta na hÉireann**

*Soláthar meastacháin: €87.297 milliún, toradh: €75.654 milliún*

Baineann an difríocht go príomha le gannchaiteachas caipitil maidir le dul chun cinn mall ar stáisiúin nua Gardaí Cósta a fhorbairt i gCathair na Mart agus sna Clocha Liath. Bhí moilleanna ann freisin ar shócmhainní caipitil a sholáthar, amhail báid righne inséidte nua, mar thoradh ar Covid-19.

**C.4 Seirbhísí ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin: €15.09 milliún, toradh: €2.79 milliún*

Bhí an toradh €12.3 milliún níos ísle ná mar a measadh toisc go raibh na héilimh ar chúiteamh éigeandála muirí maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí ó chomhlachtaí farantóireachta áirithe ní b’ísle ná mar a measadh.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| | **Riarachán** | | | |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí. | 2,646 | 2,127 | 3,457 |
| | **Eitlíocht shibhialta** | | | |
| 2 | Aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 8,473 | 6,449 | 6,748 |
| 3 | Forchúiteamh cíosannaan Údaráis Eitlíochta na hÉireann, etc. | 394 | 395 | 394 |
| 4 | Íocaíocht Údarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara | 2,700 | 2,747 | 2,455 |
| | **Iompar ar tír** | | | |
| 5 | Táillí ceadúnais iompair de bhóthar | 800 | 1,070 | 971 |
| 6 | Fáltais ilghnéitheacha iompair ar tír | 6,470 | 4,151 | 5,299 |
| | **Iompar muirí agus sábháilteacht mhuirí** | | | |
| 7 | Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht Raidio-Theileagrafaíochta, 1919 | 500 | 470 | 557 |
| | **Fáltais ilghnéitheacha** | | | |
| 8 | Fáltais ilghnéitheacha | 340 | 391 | 524 |
| | *Fáltais Thurasóireacht Éireann* | — | — | *298* [a] |
| | *Fáltais Spórt Éireann* | — | — | *5,088* [a] |
| | **Iomlán** | **22,323** | **17,800** | **25,791** |

Nóta [a] Aistríodh feidhmeanna turasóireachta agus spóirt ón vóta seo in 2020.

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha i bhfáltais (5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €4.523 milliún níos ísle ná an meastachán. Seo a leanas na mínithe ar na difríochtaí:

**1 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Measta: €2.646 milliún, réadaithe; €2.127 milliún*

Bhí fáltais €519,000 níos ísle ná mar a measadh mar thoradh ar an aistriú feidhmeanna in 2020 go príomha.

**2 Fáltais ó aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

*Measta: €8.473 milliún, réadaithe; €6.449 milliún*

Baineann éagsúlacht le suibscríbhinní ó bhliain go bliain agus bhí siad níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis i mbliana mar thoradh ar Covid-19.

**5 Táillí ceadúnais iompair de bhóthar**

*Measta: €800,000, réadaithe: €1.07 milliún*

Bíonn tionchar ag leibhéal na gníomhaíochta san earnáil agus sa gheilleagar ina iomláine ar an tsuim a fhaightear i dtáillí ceadúnais. Íoctar táillí le haghaidh iarratais ar cheadúnas agus as feithiclí a chur le ceadúnais tarlaithe atá ann cheana chun cabhlaigh a mhéadú. B'ionann na táillí a fuarthas in 2019 agus €959,000 i gcomparáid le meastachán €800,000. I gcomhthéacs Brexit agus neamhchinnteachtaí coimhdeacha, measadh é a bheith iomchuí an meastachán do 2020 a choinneáil ag €800,000.

**6 Fáltais ilghnéitheacha iompair ar tír**

*Measta: €6.47 milliún, réadaithe: €4.151 milliún*

Bhain roinnt tosca éagsúla leis an laghdú ar na fáltais seo (€2.319 milliún). Ní bhfuarthas an fáltas bliantúil €4.2 milliún de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar tháille sheasta é as tacaíocht theicniúil agus gnó do sheirbhísí a bhaineann le tiománaithe arna gcur ar fáil ag Rannóg na Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí. Chomhaontaigh an Roinn Iompair agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go gcoinneodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an fáltas seo chun easnaimh i gcaiteachas mar thoradh ar Covid-19 a chomhrac. Rinneadh é sin a fhritháireamh le fáltais a bhí ní b’airde ná mar a bhíothas ag súil leis ó ranníocaíochtaí pinsin (€102,000) mar thoradh ar fhoireann bhreise a fhostú agus tosca uainiúcháin d’fháltais do Chlár INTERREG VA (€1.779 milliún). Is clár arna mhaoiniú ag AE é Clár INTERREG VA le tacaíocht ó Rialtas na hÉireann, atá deartha chun comhoibriú straitéiseach trasteorann a sholáthar d’fhonn réigiún trasteorann níos saibhre agus níos inbhuanaithe a chruthú.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 33 | 31 |
| Cíosanna Fhorbairt Shionainne [a] | 11 | 10 |
| Aisíocaíochtaí deontais [b] | 6 | 62 |
| Fáltas AE le haghaidh Thionscadal um Athchomharthaíocht Lár na Cathrach (CCRP) [c] | 937 | 1,575 |
| Ranníocaíochtaí pinsin agus seirbhís bharúlach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre [d] | 473 | 472 |
| Díbhinn ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath | — | 40,000 |
| Fáltas AE le haghaidh chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa - Fóram Córas Iompair Chliste | — | 60 |
| Fáltais AE do chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa: Ardán Bóithre C-agus treoirthionscadal C-ITS in Éirinn | — | 359 |
| Tionscadal NELS - Córas loingseoireachta muirí Loran-C | — | 87 |
| An Coimisiún um Rialáil Iarnróid | — | 18 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair - Iompar Inbhuanaithe | — | 13 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair - Oscailt an Mhargaidh Bus | — | 8,000 |
| Uasghrádú Ten-T [e] | 2,209 | — |
| Cistí ón gCoimisiún Eorpach [f] | 550 | — |
| Aisíocaíocht an Údarás Náisiúnta Iompair [g] | 856 | — |
| Géilleadh deonach pá | 13 | 24 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (4,608) | (50,678) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **480** | **33** |

Nóta

[a] Cíosanna a bhailigh Údarás Aerfort na Sionainne (ÚAS) ar son an Aire.

[b] Cistiú deontais a tugadh ar ais don Vóta.

[c] Airgead a fuarthas ó Ghníomhaireacht Feidhmiúchán an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Tionscadal um Athchomharthaíocht Lár na Cathrach (CCRP). Is gné lárnach den uasghrádú ar sheirbhísí iarnróid é CCRP le go bhféadfar tuilleadh feabhais a chur ar acmhainn laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus clár sínte foriomlán DART a sholáthar. Leis an obair seo, cuirfear conairí breise traenach leis an tseirbhís chun go soláthrófar 17 dtraein ar a laghad in aghaidh na huaire in aghaidh an treo sa cheantar ríthábhachtach timpeall lár na cathrach.

[d] Gníomhaíonn an Roinn mar idirghabhálaí maidir le híoc bliantúil na ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear as pá fhoireann ÚSB. Déantar na híocaíochtaí seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

[e] An tsuim réamh-mhaoinihe a fuarthas i ndáil leis an tionscadal Ten-T ó Ghníomhaireacht Feidhmiúchán an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh. Bhunaigh an Coimisiún Eorpach an clár seo chun tacú le tógáil agus uasghrádú an bhonneagair iompair ar fud an Aontais Eorpaigh.

[f] An tsuim réamh-mhaoinithe a fuarthas ón gCoimisiún Eorpach faoin Treoirthionscadal C-ROADS. Is comhthionscnamh de chuid na mBallstát de AE agus oibritheoirí bóthair é an t-ardán C-ROADS a bhfuil sé mar aidhm aige Córais Chomhoibríocha Iompair Chliste (C-ITS) trasteorann gan uaim agus idir-inoibritheacha a chumasú le haghaidh taistealaithe san Eoraip. Is é príomhfhócas an treoirthionscadail seo ná rolladh amach an chroílíonra bóthair C-ITS ar an gcroílíonra bóthair TEN-T ó Chorcaigh chomh fada leis an Teorainn le Tuaisceart Éireann, lena n-áirítear an M50.

[g] Tabhairt ar ais caipitil ón Údarás Náisiúnta Iompair maidir le tionscadal an Ionaid Náisiúnta um Oiliúint Iompair.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon Fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 [a] | 2019 [b] |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 534 | 580 |
| Gníomhaireachtaí | 903 | 1,429 |
| | **1,437** | **2,009** |

Nóta [a] Baineann an laghdú ar an líon foirne agus ar luach saothair go príomha le haistriú na bhfeidhmeanna turasóireachta agus spóirt agus gníomhaireachtaí in 2020.

[b] Aistríodh líon foirne na bliana 2019 ó 2,103 dhuine (bunaithe ar líon na bhfostaithe) go 2,009 nduine (bunaithe ar chóibhéisí lánaimseartha).

## 5.2 Pá – Roinn agus gníomhaireachtaí

### Luach saothair fhoireann na Roinne

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 28,997 | 29,597 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 796 | 638 |
| Ragobair | 382 | 537 |
| Liúntais eile | 680 | 629 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,452 | 2,355 |
| **Pá iomlán** | **33,307** | **33,756** |

### Luach saothair foirne gníomhaireachta

| | | |
|---|---|---|
| Pá | 55,663 | 81,289 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 227 | 243 |
| Ragobair | 273 | 822 |
| Liúntais eile | 535 | 461 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,861 | 7,460 |
| **Pá iomlán** | **61,559** | **90,275** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 116 | 57 | 38,832 | 25,044 |
| Ragobair | 110 | 13 | 20,506 | 20,899 |
| Liúntais eile | 65 | — | 7,700 | 19,639 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 69 | 57 | 46,482 | 40,823 |
| **Foireann gníomhaireachta** | | | | |
| Liúntasle haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 48 | 2 | 53,461 | 46,764 |
| Ragobair | 160 | 1 | 15,001 | 19,496 |
| Liúntais eile | 106 | 2 | 15,771 | 15,514 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 53 | 8 | 23,486 | 24,487 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €437,858 maidir le triúir oifigeach a d'fhóin lasmuigh den Roinn i rith 2020 nó ar feadh tréimhse le linn 2020 agus a raibh a dtuarastail á n-íoc ag an Roinn. Cuirfear forchúiteamh iomlán an chaiteachais ghaolmhair i gcrích go luath in 2021.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le cúigear oifigeach ar iasacht a bhí ag obair lasmuigh den Roinn i rith 2020 nó ar feadh tréimhse le linn 2020 agus a raibh a dtuarastail á n-íoc ag ranna/oifigí Rialtais.

Tugadh oifigeach amháin ar iasacht ar bhonn pá agus forchúitimh don chéad chuid den bhliain, agus é ar an bpárolla agus as an bpárolla araon don dara cuid den bhliain ar fud dhá shannadh iasachta ar leith.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 € | 2019 [a] € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 36 | 99,180 | 81,642 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 12 | 36,714 | 39,163 |

Aistríodh trí phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí ar luach €1,080 iad i ndáil le triúr aonair chuig Ranna eile sa bhliain.

Nóta [a] In 2020, thug an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) isteach modheolaíocht tuairiscithe athbhreithnithe a bailíochtaíodh go seachtrach maidir le ró-íocaíochtaí agus suimeanna i bpleananna aisghabhála. Mar thoradh air sin, rinneadh athbhreithniú ar shuimeanna na bliana 2019. (Cuntas Leithreasa 2019: ró-íocaíochtaí €97,296 agus pleananna aisghabhála €54,816).

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2020, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €26,000 san iomlán iad agus scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €91,000 san iomlán iad le cúigear ball foirne a ndearnadh a bhfostaíocht a fhoirceannadh.

# Nóta 6 Nithe ilghnéitheacha

## 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Bunaíodh Bord Athbhreithnithe in 2020 chun athscrúdú a dhéanamh ar thorthaí áirithe sa dréacht-tuarascáil deiridh ar an imscrúdú ar an tionóisc a tharla do Tharrtháil 116 ar an bhFód Dubh, Co. Mhaigh Eo, ar an 14 Márta 2017. Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe i gcomhréir le *hIonstraim Reachtúil (IR) Uimh. 460 de 2009: Na Rialacháin um Aerloingseoireacht (Tionóiscí, Teagmhais Thromchúiseacha agus Teagmhais a Fhógairt agus a Imscrúdú), 2009*. Táthar ag súil le tuarascáil an Bhoird Athbhreithnithe a fháil i mí Mheán Fómhair 2021.

B'ionann an caiteachas carnach in 2020 agus €100,000 (2009: nialas).

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a d'íoc an Roinn** | **Costais dlí a dámhadh** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó fhostaithe** | — | — | — | — | — | — |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | 7 | 262 | 135 | — | 397 | 1,667 |
| | | **262** | **135** | **—** | **397** | **1,667** |

## 6.3 Calaois agus calaois amhrasta

In 2020, asbhaineadh dhá shuim éagsúla trí dhochar díreach as cuntas de chuid na Roinne, arbh fhiú €125 san iomlán iad agus ar aisíoc Banc na hÉireann iad i mí an Mhárta 2021.

## 6.4 Maoiniú AE

Áirítear leis an toradh a thaispeántar i bhFo-mhírcheann B.8 iompar poiblí agus iompar inbhuanaithe íocaíocht i leith gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Tharla sé go raibh moilleanna uainiúcháin i gceist le héilimh mar thoradh ar mhoilleanna agus síntí ar thionscadail Glasbhealaí INTERREG. Fuair an Roinn €3,579,332 i maoiniú agus íocadh éilimh arbh fhiú €3,276,716 iad, rud a d'fhág €302,616 chun é a thabhairt ar aghaidh go 2021.

| | 2020 Meastachán | 2020 Toradh | 2019 Toradh |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Cuir síos ar an bhfo-mhírcheann:** | | | |
| B.8 Clár Infheistíochta Réthaistil | 3870 | 3,579 | 619 [a] |

Nóta [a] In 2019, fuair an roinn maoiniú €618,860 agus rinne sí íocaíochtaí arbh fhiú €2,535,904 iad.

## Aguisín A Cuntas comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Iompair

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá sé d'oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, amhail an 31 Lúnasa 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus cathain a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta a fuair an tAire/Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| Bus Éireann | 2020 | 16 Aibreán 2021 | 2 Iúil 2021 | 2 Iúil 2021 |
| Bus Átha Cliath | 2020 | 14 Aibreán 2021 | 21 Iúil 2021 | 22 Iúil 2021 |
| An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta | 2019 | 25 M. Fómhair 2020 | 16 D. Fómhair 2020 | 1 Nollag 2020 |
| An Coimisiún um Rialáil Iarnróid | 2019 | 21 Nollag 2020 | 15 Eanáir 2021 | 12 Márta 2021 |
| Córas Iompair Éireann (CIÉ) | 2020 | 20 Aibreán 2021 | 30 Aibreán 2021 | 2 Meith. 2021 |
| Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath | 2020 | 13 Aibreán 2021 | 16 Aibreán 2020 | 29 Aibreán 2021 |
| Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath | 2020 | 26 Márta 2021 | 31 Márta 2021 | 6 Iúil 2021 |
| Cuideachta Chuan na Gaillimhe [a] | 2019 | 14 Aibreán 2020 | 27 Bealtaine 2020 | 23 Iúil 2020 |
| Iarnród Éireann | 2020 | 13 Aibreán 2021 | 17 Meith. 2021 | 21 Meith. 2021 |
| Údarás Eitlíochta na hÉireann | 2020 | 24 Márta 2021 | 05 Aibreán 2021 | 18 Bealt. 2021 |
| An Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú | 2020 | 30 Meitheamh 2021 | 30 Meitheamh 2021 | 7 Iúil 2021 |
| An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre | 2019 | 23 M. Fómhair 2020 | 28 D. Fómhair 2020 | 17 Samhain 2020 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 2020 | 24 Meith. 2020 | 29 Meith. 2021 | 15 Iúil 2021 |
| Cuideachta Phort Chorcaí | 2020 | 22 Aibreán 2021 | 26 Aibreán 2021 | 6 Iúil 2021 |
| Cuideachta Phort Phort Láirge | 2020 | 22 Márta 2021 | 19 Aibreán 2021 | 6 Iúil 2021 |
| An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | 2020 | 28 Meith. 2021 | 30 Meith. 2021 | 31 Lúnasa 2021 |
| Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge | 2020 | 26 Márta 2021 | 23 Aibreán 2021 | 6 Iúil 2021 |
| Grúpa na Sionainne PLC | 2020 | 25 Márta 2021 | 26 Márta 2021 | 29 Aibreán 2021 |
| Bonneagar Iompair Éireann | 2020 | 28 Meith. 2021 | 30 Meith. 2021 | 23 Lúnasa 2021 |

Nóta [a] Aistríodh Cuideachta Chuan na Gaillimhe go Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an 1 Eanáir 2021 i gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta do Chalafoirt agus alt 8 den Acht Cuanta, 2015. Dheimhnigh Cuideachta Chuan na Gaillimhe gur cuireadh a cuntais bhliantúla do 2020 faoi bhráid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.